2026/2467

6.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2467 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Samhain 2026

maidir le cúiteamh airgeadais do thomhaltóirí deiridh breoslaí agus maidir le lamháltais a thugtar suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 30f(5) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún ([2]), soláthraítear rialacha mionsonraithe maidir le sciar na méideanna breosla arna scaoileadh i ngníomhaíocht a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE a chinneadh *ex ante* agus, dá bhrí sin, chun tabhairt suas lamháltas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear leis an gCaibidil sin a sheachaint. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta i gcónaí catagóir na dtomhaltóirí deiridh a shainaithint i gceart i ngach cás, go háirithe mura bhfuil aon nasc soláthar díreach idir an t-eintiteas rialáilte agus an tomhaltóir deiridh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé tarlú go dtugtar suas lamháltais le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin agus go gcuirtear costais charbóin ar aghaidh chuig tomhaltóirí deiridh le haghaidh astaíochtaí ó ghníomhaíocht nach gcumhdaítear leis an gCaibidil sin.

(2) Chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach féidir áireamh dúbailte ná tabhairt suas lamháltas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE a sheachaint, tá rialacha le leagan síos maidir le cúiteamh airgeadais a sholáthar do thomhaltóirí deiridh breoslaí ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Treoir sin. Ba cheart rialacha a ghlacadh freisin maidir le tuairisciú sonraí chun cainníocht na lamháltas uile-Aontais arna n-eisiúint faoi Chaibidil IVa den Treoir sin a choigeartú i gcás lamháltais a thugtar suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear leis an gCaibidil sin.

(3) Is dócha go mbeidh cainníocht na lamháltas a n-íocann na Ballstáit cúiteamh airgeadais as ar leibhéal os cionn nialais níos ísle ná an líon iomlán lamháltas a tugadh suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, ní fhéadfaidh na Ballstáit leibhéal dearfach cúitimh a thabhairt do na tomhaltóirí deiridh uile as astaíochtaí ó ghníomhaíocht atá lasmuigh de raon feidhme Chaibidil IVa den Treoir sin. Ar an dara dul síos, agus cúiteamh airgeadais á sholáthar ag na Ballstáit, féadfaidh siad tairseacha a bhunú nach dtabharfaidh siad leibhéal dearfach cúitimh faoina mbun chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin. Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh sé nach n-iarrfadh roinnt tomhaltóirí deiridh cúiteamh a d'fhéadfaidís a fháil. Ar an gceathrú dul síos, d'fhéadfadh easpa faisnéise a bheith ag na Ballstáit maidir le cásanna ina bhfuil lamháltais tugtha suas ag eintitis rialáilte le haghaidh astaíochtaí úsáidí deiridh nach gcumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin.

(4) I gcás inar leathnaigh Ballstát raon feidhme chur i bhfeidhm na trádála astaíochtaí chuig gníomhaíocht nach dtagraítear di in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, i gcomhréir le hAirteagal 30j den Treoir sin, d'fhéadfadh sé sin laghdú mór a dhéanamh ar chainníocht na lamháltas a thugtar suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin. Sa chás sin, is dócha gurb í cainníocht na lamháltas a n-íocann an Ballstát sin cúiteamh airgeadais as ar leibhéal os cionn nialais an meastachán is iontaofa ar chainníocht na lamháltas a tugadh suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún, (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

(5) I gcás nár leathnaigh Ballstát raon feidhme chur i bhfeidhm na trádála astaíochtaí chuig gníomhaíocht nach dtagraítear di in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, is fearr, maidir leis an líon iomlán lamháltas a tugadh suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin, a chomhfhreagraíonn do chainníocht iomlán na lamháltas arna gcúiteamh ag na Ballstáit ar aon leibhéal lena n-áirítear nialas, an líon sin a mheas mar an difríocht idir na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear faoi Chaibidil IVa den Treoir sin agus na hastaíochtaí CO_2 a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíocht a chumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin agus a thuairiscítear i bhfardail náisiúnta gás ceaptha teasa na mBallstát de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(6) Faoi Airteagal 30c(3) de Threoir 2003/87/CE, tá cainníocht na lamháltas uile-Aontais arna n-eisiúint faoi Chaibidil IVa den Treoir sin le coigeartú go bliantúil ó 2029 le haghaidh lamháltais a thugtar suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear leis an gCaibidil sin.

(7) Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a thuairisciú go bliantúil don Choimisiún chun cainníocht na lamháltas uile-Aontais a thugtar suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa a chinneadh.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 30f de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh na Ballstáit cúiteamh airgeadais a thabhairt do thomhaltóirí deiridh breoslaí i gcásanna nárbh fhéidir tabhairt suas lamháltas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin a sheachaint. Chun sláine chomhshaoil an chórais trádála astaíochtaí a chumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin a áirithiú, ba cheart an cúiteamh sin a bheith comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus nasctha go dlúth leis na costais charbóin a thabhaítear. Maidir leis na modhanna a úsáideann na Ballstáit chun a áirithiú gur thabhaigh tomhaltóirí deiridh atá incháilithe do chúiteamh airgeadais costais charbóin ón áireamh dúbailte nó ón gcumhdach neamhbheartaithe, ba cheart a áireamh orthu seiceáil go n-úsáideann na heintitis rialáilte ábhartha fachtóir raoin réamhshocraithe 1 ina bpleananna faireacháin formheasta, lena gceanglaítear fachtóir raoin réamhshocraithe 1 le haghaidh na sreabh breosla ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 75l(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, nó fianaise a iarraidh ar thomhaltóirí deiridh.

(9) Ba cheart solúbthacht a bheith ag na Ballstáit maidir leis an modh a úsáideann siad chun méid na n-astaíochtaí CO_2 atá le cúiteamh a chinneadh ionas gur féidir leo é a oiriúnú don ghníomhaíocht atá i gceist agus don chineál tomhaltóirí deiridh incháilithe agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú, a mhéid a bhíonn meastachán iontaofa ar astaíochtaí CO_2 mar thoradh ar an modh.

(10) Ba cheart do na Ballstáit an tréimhse incháilithe do chúiteamh airgeadais a chinneadh chun í a oiriúnú don ghníomhaíocht atá i gceist agus don chineál tomhaltóirí deiridh. D'fhéadfadh an tréimhse incháilithe a bheith ina tréimhse mhíosúil, ráithiúil nó dhébhliantúil, ach níor cheart í a bheith níos faide ná bliain féilire amháin chun go leanfaidh sí de bheith comhsheasmhach le timthriall bliantúil chóras trádála astaíochtaí an Aontais agus chun an t-ualach ar thomhaltóirí deiridh a theorannú i ngníomhaíocht nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 30f(5) de Threoir 2003/87/CE, tá ríomh an chúitimh airgeadais le haghaidh tomhaltóirí deiridh breoslaí le bunú ar mheánphraghas na lamháltas sna ceantanna sa bhliain tuairiscithe ábhartha. Ba cheart gurb é an meánphraghas sa tréimhse incháilithe arna chinneadh ag an mBallstát atá i gceist nuair a cheannaigh na tomhaltóirí deiridh an breosla an praghas carbóin a úsáidtear chun an cúiteamh a chinneadh. Ciallaíonn sé sin gur cheart do na Ballstáit an meánphraghas carbóin a úsáid le linn na tréimhse ina gceadaíonn siad do thomhaltóirí deiridh iarratas a dhéanamh ar chúiteamh, mar shampla ar bhonn míosúil, ráithiúil nó bliantúil.

(12) Chun teorainn a chur leis an ualach ar thomhaltóirí deiridh i ngníomhaíocht nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, ba cheart an cúiteamh airgeadais a sholáthar laistigh den bhliain féilire tar éis bhliain na tréimhse incháilithe.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

(13) Ionas go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Airteagal 30f(5) de Threoir 2003/87/CE agus an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo, ba cheart do na Ballstáit tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar an gcúiteamh airgeadais a sholáthair siad.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tomhaltóir deiridh', chun críoch cúitimh airgeadais, aon duine nádúrtha nó dlítheanach arb é an t-úsáideoir deiridh breosla é mar a shainmhínítear in Airteagal 3(af) de Threoir 2003/87/CE le haghaidh gníomhaíocht nach gcumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin;

(2) ciallaíonn 'áireamh dúbailte' entitis rialáilte a thabhairt suas lamháltais chun breoslaí atá le tomhailt a scaoileadh lena n-úsáid i ngníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin;

(3) ciallaíonn 'cumhdach neamhbheartaithe' eintis rialáilte lamháltais a thabhairt suas chun breoslaí atá le tomhailt a scaoileadh a úsáidtear i ngníomhaíocht nach dtagraítear di in Iarscríbhinn I ná in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, ná atá faoi réir leathnú aontaobhach de bhun Airteagal 30j den Treoir sin;

(4) ciallaíonn 'cúiteamh airgeadais'tomhaltóir deiridh a chúiteamh, ar aon leibhéal lena n-áirítear nialas, as costais charbóin arna dtabhú i ndáil le lamháltais arna n-eisiúint faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus arna dtabhairt suas i gcásanna áirimh dhúbailte nó cumhdaigh neamhbheartaithe;

(5) ciallaíonn 'tréimhse incháilithe' an tréimhse inar ceannaíodh breosla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(af) de Threoir 2003/87/CE agus as ar féidir le tomhaltóir deiridh cúiteamh a iarraidh, ar bhonn mhinicíocht an chur i bhfeidhm arna sainiú ag an mBallstát, nó, as gníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, an tréimhse inar úsáideadh an breosla.

Airteagal 2

Rialacha maidir le cúiteamh airgeadais ar leibhéal os cionn nialais

1. Beidh costais charbóin ón áireamh dúbailte nó ón gcumhdach neamhbheartaithe a thabhóidh tomhaltóirí deiridh atá incháilithe chun cúiteamh airgeadais a fháil.

2. Beidh an modh a úsáidfear chun cúiteamh airgeadais a chinneadh bunaithe ar mheastachán iontaofa ar na hastaíochtaí CO_2 arna nginiúint ag na tomhaltóirí deiridh ar gearradh muirear orthu.

3. Is éard a bheidh sa phraghas in aghaidh an tona CO_2 atá le húsáid le haghaidh cúiteamh airgeadais meán phraghas na gceantanna a dhéantar le linn na tréimhse incháilithe i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 10(4) de Threoir 2003/87/CE le haghaidh lamháltais a eisítear faoi Chaibidil IVa den Treoir sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar cúiteamh airgeadais ar bhonn critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus thrédhearcacha, agus ar bhonn tomhaltóirí deiridh a oibríonn san earnáil chéanna agus atá sa staid chéanna iarbhír a fháil cúiteamh airgeadais faoi na coinníollacha céanna.

5. Ní bheidh an tréimhse incháilithe chun cúiteamh airgeadais a sholáthar níos faide ná bliain féilire amháin.

6. Nuair a bheidh tomhaltóirí deiridh incháilithe do chúiteamh airgeadais, gheobhaidh siad an cúiteamh sin laistigh den bhliain féilire tar éis bhliain na tréimhse incháilithe.

Airteagal 3

Tuairisciú ar chúiteamh airgeadais

Déanfaidh na Ballstáit faisnéis maidir le cúiteamh airgeadais a thuairisciú go bliantúil don Choimisiún i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Cuirfidh siad na tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh an bhliain tar éis na bliana inar soláthraíodh an cúiteamh airgeadais.

Airteagal 4

Cainníocht na lamháltas a tugadh suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE

1. I gcás nár leathnaigh Ballstát raon feidhme chur i bhfeidhm na trádála astaíochtaí chuig gníomhaíocht nach dtagraítear di in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, cinnfear cainníocht bhliantúil na lamháltas a thugtar suas sa Bhallstát sin le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, a chomhfhreagraíonn do chainníocht iomlán na lamháltas arna gcúiteamh ar aon leibhéal lena n-áirítear nialas, cinnfear í mar an difríocht idir na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear faoi Airteagal 30f(2) den Treoir sin agus na hastaíochtaí CO_2 a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE arna ríomh ar bhonn na n-astaíochtaí arna dtuairisciú de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/1999.

2. Ó 2030 ar aghaidh, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún faoin 30 Meitheamh gach bliain na sonraí astaíochtaí is gá chun na hastaíochtaí CO_2 a ríomh a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíocht a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, i gcomhréir leis an teimpléad in Iarscríbhinn II, ag tosú le sonraí le haghaidh 2028.

Chun na sonraí astaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur isteach, úsáidfidh na Ballstáit treoraíocht mhodheolaíoch agus teimpléid leictreonacha nó formáidí comhaid sonracha arna soláthar ag an gCoimisiún.

Mura bhfuil tuarascáil bhliantúil ar fáil nó má tá sí neamhiomlán faoin sprioc-am dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cinnfear cainníocht na lamháltas le haghaidh na tuarascála sin ar bhonn na treoraíochta modheolaíche arna soláthar ag an gCoimisiún.

3. Maidir le Ballstát a rinne gníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a leathnú go haontaobhach de bhun Airteagal 30j den Treoir sin, tá sé díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, ar choinníoll:

(a) maidir leis na meánastaíochtaí le haghaidh 2016, 2017 agus 2018 ó ghníomhaíocht bhreise atá faoi réir chóras trádála astaíochtaí an Aontais sa Bhallstát atá i gceist de bhun Airteagal 30j de Threoir 2003/87/CE, go léiríonn siad méid astaíochtaí atá coibhéiseach ar a laghad leis na hastaíochtaí náisiúnta CO_2 i gcód catagóire foinse 1A4c le haghaidh na mblianta céanna;

(b) go bhfuil beart i bhfeidhm ag an mBallstát atá i gceist chun cúiteamh airgeadais a sholáthar ar leibhéal os cionn nialais le haghaidh an áirimh dhúbailte, agus go gcoinníonn sé an beart sin ar bun. Beidh feidhm ag an díolúine dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le tuairisciú sonraí le haghaidh na mblianta tar éis fhormheas an leathnaithe aontaobhaigh.

I gcás ina an ghníomhaíocht a leathnú go haontaobhach de bhun na chéad fhomhíre agus chomhlíonadh na gcoinníollacha i bpointí (a) agus (b), cinnfear cainníocht bhliantúil na lamháltas a thugtar suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE ar bhonn mhéid iomlán na n-astaíochtaí as a n-íoctar cúiteamh airgeadais ar leibhéal os cionn nialais ag an mBallstát atá i gceist agus arna dtuairisciú de bhun Airteagal 3 den Rialachán seo.

4. Maidir le Ballstát a rinne gníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a leathnú go haontaobhach de bhun Airteagal 30j den Treoir sin, tá sé díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo. Tá feidhm ag an díolúine sin maidir le tuairisciú sonraí le haghaidh na mblianta tar éis fhormheas an leathnaithe aontaobhaigh, agus ar choinníoll:

(a) nach n-áirítear leis an ngníomhaíocht bhreise atá faoi réir chóras trádála astaíochtaí an Aontais sa Bhallstát atá i gceist de bhun Airteagal 30j de Threoir 2003/87/CE gníomhaíochtaí talmhaíochta a chumhdaítear le cód catagóire foinse 1A4c;

(b) gur éiligh an Ballstát atá i gceist fachtóir raoin réamhshocraithe 1 de réir bhrí Airteagal 75l(6) de Rialachán (AE) 2018/2066 le haghaidh na sreabh breosla uile a úsáidtear i ngníomhaíochtaí talmhaíochta a chumhdaítear le cód catagóire foinse 1A4c;

(c) go bhfuil beart i bhfeidhm ag an mBallstát atá i gceist chun cúiteamh airgeadais a sholáthar ar leibhéal os cionn nialais le haghaidh an áirimh dhúbailte, agus go coinníonn sé an beart sin ar bun.

I gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht a leathnú go haontaobhach de bhun na chéad fhomhíre agus go gcomhlíontar na coinníollacha i bpointí (a) agus (b) agus (c), cinnfear cainníocht bhliantúil na lamháltas a thugtar suas le haghaidh astaíochtaí nach gcumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE ar bhonn (i) mhéid iomlán na n-astaíochtaí ó ghníomhaíocht nach gcumhdaítear le cód catagóire foinse 1A4c as ar íocadh cúiteamh airgeadais ar leibhéal os cionn nialais agus a tuairiscíodh de bhun Airteagal 3 den Rialachán seo agus (ii) mhéid na n-astaíochtaí CO_2 a thuairiscítear i gcód catagóire foinse 1A4c le haghaidh na bliana ábhartha faoin bhfardal náisiúnta gás ceaptha teasa de bhun Rialachán (AE) 2018/1999.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

FAISNÉIS MAIDIR LE CÚITEAMH AIRGEADAIS

Faisnéis atá le háireamh sna tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 3:

(1) ainm an bhirt cúitimh airgeadais;

(2) dáta tosaigh an bhirt cúitimh airgeadais;

(3) gníomhaíocht a chumhdaítear leis an mbeart cúitimh airgeadais, lena n-áirítear cód catagóire foinseach comhfhreagrach na formáide tuairiscithe coitinne (FCT) (mar a shainmhínítear i dTreoirlínte 2006 an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (PIAA) le haghaidh fardail náisiúnta gás ceaptha teasa);

(4) faisnéis maidir le ceapadh an bhirt:

(a) an t-údarás inniúil atá i bhfeighil;

(b) íostairseach/íostairseacha le haghaidh incháilitheacht do chúiteamh;

(c) an tréimhse incháilithe agus an sprioc-am le haghaidh iarratais;

(d) tuairisc ar an modh a úsáidtear chun astaíochtaí CO_2 a chinneadh;

(e) meánphraghas na lamháltas a úsáidtear chun an cúiteamh airgeadais a ríomh le haghaidh gach tréimhse incháilithe;

(5) an líon tomhaltóirí deiridh breosla as ar íocadh cúiteamh faoin mbeart sa bhliain roimhe sin;

(6) an méid coibhéiseach astaíochtaí CO_2 as ar íocadh cúiteamh airgeadais ar leibhéal os cionn nialais an bhliain roimhe sin;

(7) an méid iomlán cúitimh airgeadais a soláthraíodh faoin mbeart sa bhliain roimhe sin.

IARSCRÍBHINN II

SONRAÍ ASTAÍOCHTAÍ A CHOMHFHREAGRAÍONN DO GHNÍOMHAÍOCHT A CHUMHDAÍTEAR LE CAIBIDIL IV a ghabhann le Treoir 2003/87/CE

Faisnéis atá le háireamh sna tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 4:

(1) astaíochtaí bliantúla fíoraithe gníomhaíochta a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó dhóchán breosla i gcatagóirí foinseacha i bhformáid choiteann tuairiscithe (FCT) nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin, lena n-áirítear astaíochtaí a ghintear le gníomhaíocht a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin agus a thaifeadtar i gcóid chatagóire foinse FCT 1B, 1C, 1A3e(i) agus 1A4c;

(2) astaíochtaí próisis bliantúla CO_2 i gcatagóirí foinse FCT 2A, 2B agus 2C a ghintear lasmuigh de ghníomhaíocht a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE;

(3) astaíochtaí bliantúla CO_2 ó dhóchán móna i gcatagóirí foinse FCT 1A1, 1A2, 1A3b, 1A4a agus 1A4b atá lasmuigh de raon feidhme na gníomhaíochta a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE;

(4) astaíochtaí bliantúla CO_2 ó dhóchán dramhaíola cathrach agus guaisí i ngníomhaíocht a shainmhínítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE;

(5) astaíochtaí bliantúla CO_2 ó dhóchán breosla i suiteálacha a chumhdaítear le bearta coibhéiseacha de bhun Airteagal 27 de Threoir 2003/87/CE;

(6) astaíochtaí bliantúla CO_2 ó dhóchán breosla mar gheall ar úsáid feithiclí talmhaíochta ar bhóithre pábháilte a thuairiscítear faoi chatagóir foinse FCT 1A3b;

(7) astaíochtaí bliantúla CO_2 ó dhóchán breosla i ngníomhaíocht ar roghnaigh an Ballstát lena mbaineann a bheith páirteach inti de bhun Airteagal 30j de Threoir 2003/87/CE;

(8) aon astaíochtaí bliantúla CO_2 eile arna dtaifeadadh i gcatagóirí foinse FCT 1A1, 1A2, 1A3b, 1A4a agus 1A4b nach dtagann faoi raon feidhme na gníomhaíochta a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus nach n-áirítear faoi phointí (1) go (7).

Sainmhínítear na cóid chatagóire foinse FCT i dTreoirlínte 2006 PIAA le haghaidh fardail náisiúnta gás ceaptha teasa.